2025/2134

20.10.2025

**CINNEADH (AE) 2025/2134 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 18 Meán Fómhair 2025**

**lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus le Ceanada, faoi seach, maidir le comhaontuithe lena leagtar síos na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht eintiteas atá bunaithe sna tríú tíortha sin agus táirgí de thionscnamh a gcríoch sna soláthairtí a fhaigheann tacaíocht ó ionstraim SAFE a bunaíodh le Rialachán (AE) 2025/1106**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212, i gcomhar le h Airteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Bealtaine 2025 agus an 23 Meitheamh 2025, thug an tAontas Comhpháirtíocht Slándála agus Cosanta i gcrích le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus le Ceanada, faoi seach, mar thoradh ar chruinnithe mullaigh idir na ceannairí agus an dá thír le déanaí. D'iarr na tíortha sin ('na Tíortha Comhpháirtíochta') go foirmiúil dul i mbun caibidlíocht leis an Aontas chun comhaontuithe déthaobhacha a thabhairt i gcrích, mar a fhoráiltear in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle ([1]).

(2) Déantar foráil le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2025/1106 maidir le rannpháirtíocht eintiteas atá bunaithe i dtríú tíortha áirithe agus táirgí de thionscnamh na dtíortha sin sna soláthairtí a fhaigheann tacaíocht ón Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh ('ionstraim SAFE'), a bunaíodh le Rialachán (AE) 2025/1106, faoi réir comhaontú atá le tabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 den Chonradh.

(3) Is é is aidhm le rannpháirtíocht eintiteas atá bunaithe i dTíortha Comhpháirtíochta agus táirgí de thionscnamh a gcríoch rannchuidiú le feabhas a chur ar infhaighteacht táirgí cosanta trí thacú leis an gcomhar tionsclaíoch atá ann cheana agus trí rochtain chómhalartach ar theicneolaíochtaí úrscothacha a áirithiú, agus trí dhlús a chur le hoiriúnú bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí (EDTIB) d'athruithe struchtúracha a eascraíonn as an meath ollmhór ar an gcomhthéacs geopholaitiúil agus slándála. Le comhaontuithe le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus le Ceanada, faoi seach, is féidir rannchuidiú le hullmhacht cosanta an Aontais a neartú, i gcomhréir le Páipéar Bán Comhpháirteach maidir le Ullmhacht Cosanta na hEorpa 2030.

(4) Ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontuithe a thabhairt i gcrích leis na Tíortha Comhpháirtíochta go tráthúil agus sprioc-am an 30 Samhain 2025 á chur san áireamh maidir le pleananna infheistíochta thionscal cosanta na hEorpa a chur isteach mar mar a leagtar amach in Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2025/1106, agus lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht eintiteas atá bunaithe sa Tír Chomhpháirtíochta faoi seach agus le rannpháirtíocht táirgí de thionscnamh na Tíre Comhpháirtíochta faoi seach sna soláthairtí a fhaigheann tacaíocht ó Ionstraim SAFE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Údaraítear an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus le Ceanada, faoi seach, maidir le comhaontuithe lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht eintiteas atá bunaithe i dtríú tíortha den sórt sin agus táirgí de thionscnamh a gcríoch sna soláthairtí a fhaigheann tacaíocht ó Ionstraim SAFE a bunaíodh le Rialachán (AE) 2025/1106, de bhun Airteagal 17 den Rialachán sin.

2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

([1]) Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh (IO L, 2025/1106, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1106/oj).

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

*Airteagal 3*

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle le Meitheal um an Tionscal Cosanta, a ainmnítear leis seo mar an coiste speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 218(4) den Chonradh, agus i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo, faoi réir aon treoracha a fhéadfaidh an Chomhairle a eisiúint ina dhiaidh seo don Choimisiún.

Tuairisceoidh an Coimisiún go tráthrialta don Mheitheal um an Tionscal Cosanta maidir le dul chun cinn na caibidlíochta agus cuirfidh sé na doiciméid chaibidlíochta ábhartha uile ar aghaidh chuige gan mhoill.

*Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Meán Fómhair 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

L. AAGAARD